NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Meitheamh 2023

# Dréacht-Ráiteas Chlár na hIdirbhliana

le haghaidh comhairliúcháin



# An Clár Ábhar


**AN TSRAITH SHINSEARACH ... 1**

**PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ ... 3**

**LEANÚNACHAS, CONAIRÍ AGUS DUL CHUN CINN ... 5**

**CUSPÓIR RÁITEAS AN CHLÁIR IDIRBHLIANA ... 6**

**RÉASÚNAÍOCHT ... 6**

**AIDHMEANNA ... 8**

**COMHORDÚ AN CHLÁIR IB ... 8**

**CLÁR IB A FHORBAIRT ... 8**

GNÉITHE SCOLÁIRE ... 9

*Gné Scoláire: Fás Pearsanta ... 11*

*Gné Scoláire: A bheith i d'Fhoghlaimeoir ... 12*

*Gné Scoláire: Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail ... 12*

*Gné Scoláire: Ullmhacht Ghairme ... 13*

GNÉITHE CURACLAIM ... 14

*Gné Churaclaim: Comhpháirteanna ... 16*

*Gné Churaclaim: Teagasc agus Measúnú ... 19*

*Gné Churaclaim: Aithint agus Tuairisciú ... 21*

*Gné Churaclaim: Machnamh agus Athnuachan ... 23*

**RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS RANNPHÁIRTEACHAS A SPREAGADH ... 25**

**GLUAIS ... 26**

## An tsraith shinsearach

Le linn na sraithe sinsearaí, forbraíonn an scoláire braistint níos láidre ar a fhéiniúlacht agus é ag foghlaim in éineacht lena chomhscoláirí, le múinteoirí, le daoine fásta eile agus leis na meáin éagsúla, agus ag foghlaim uathu. Thar am, déanann sé breithniú agus déanann roghanna a mbíonn tionchar acu ar an méid a dhéanfadh sé ar chríochnú na scoile dó, nuair a chuirfidh sé tús leis an saol aosach.

Le linn na sraithe sinsearaí, cuirtear oideachas ar an duine iomlán. Ba cheart go gcuirfeadh eispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí lena fhorbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena fholláine ar bhonn ginearálta. Baineann 8 dtreoirphrionsabal leis an tsraith shinsearach:

- folláine agus caidrimh
- oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht
- dúshlán, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht
- foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol
- rogha agus solúbthacht
- leanúnachas agus aistrithe
- rannpháirtíocht agus saoránacht
- timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí.

Cuimsíonn sí Idirbhliain roghnach agus cúrsa dhá bhliain ina diaidh, rud a chuimsíonn ábhair agus modúil, príomhinniúlachtaí leabaithe, torthaí foghlama soiléire agus réimse de chuir chuige i leith an mheasúnaithe. Agus í ag cur lena chuid foghlama ón tsraith shóisearach, is é is aidhm leis an tsraith shinsearach ná cabhrú le gach uile scoláire éirí níos saibhrithe, níos rannpháirtí agus níos inniúla. Bunaítear caidrimh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus bíonn níos mó deiseanna ag an scoláire i dtaca le foghlaim leathan agus speisialú breisithe. Tarlaíonn an fhoghlaim i scoileanna, pobail, suíomhanna oideachasúla agus suíomhanna eile foghlama, mar a n-aithnítear neamhspleáchas méadaitheach an scoláire, de réir mar a bhíonn sé nó sí ag glacadh le róil aonair agus róil chomhchoiteanna sa tsochaí agus sa gheilleagar.

Sa tsraith shinsearach, cuirtear curaclam ar fáil ina mbíonn dúshlán don scoláire an leibhéal is airde de ghnóthachtáil oideachasúil a bheith mar sprioc aige, i gcomhréir lena chuid inniúlachtaí agus cumas féin. De réir mar a roghnaíonn an scoláire conairí éagsúla tríd an tsraith shinsearach, glacann sé le níos mó freagrachta as a fhoghlaim féin agus faigheann sé cúnamh chun roghanna eolasacha a dhéanamh, rud a thacaíonn leis rochtain a fháil ar réimse de chonairí éagsúla todhchaí.

Ba cheart go bhfreastalódh an t-eispéireas oideachais sa tsraith shinsearach ar gach aon scoláire, go bhfreagrófaí dá chuid riachtanas foghlama, agus go mbeadh meas agus urraim ann don ilchineálacht agus go ndéanfaí sin a cheiliúradh. Bíonn éagsúlachtaí ann i measc scoláirí ó thaobh cúlra teaghlaigh agus cultúir de agus i dtaca le teangacha, aois, stádas eitneach, creideamh, inscne, agus féiniúlacht ghnéis agus maidir lena gcuid riachtanas, spéiseanna, inniúlachtaí agus réamheolas, scileanna agus meonta. Ba cheart go ndéanfaí féiniúlacht gach aon scoláire a cheiliúradh, go léireofaí meas uirthi agus go bhfreagrófaí di le linn don scoláire a bheith ag dul tríd an tsraith shinsearach.

Leis an tsraith shinsearach, cuirtear bonn láidir faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht, agus rannpháirtíocht bhríoch sa tsochaí agus sa saol aosach. I gcaitheamh na sraithe sinsearaí, bíonn deiseanna ag an scoláire dul i ngleic le dúshláin shóisialta, comhshaoil, eacnamaíocha agus teicneolaíochta, rudaí a mbíonn tionchar díreach agus indíreach acu ar a shaol anois, agus amach anseo. Forbraíonn sé tuiscint níos doimhne ar chearta an duine, ar an gceartas sóisialta, ar an gcothromas agus ar an ilchineálacht agus ar a thábhachtaí atá sé todhchaí inbhuanaithe a chruthú do gach duine. Soláthraítear deiseanna freisin do gach uile scoláire le linn na sraithe sinsearaí chun taithí a fháil ar an lúcháir a bhaineann le clocha míle suntasacha a bhaint amach ina aistear oideachasúil pearsanta. Ba cheart go gcuirfeadh an chonair a roghnaíonn an scoláire tríd an tsraith shinsearach, agus gach aon mhodúl agus ábhar ar a bhfaigheadh sé taithí, le réadú na físe foriomláine seo don tsraith shinsearach.

Ar leibhéal praiticiúil, tacaítear leis an tsraith shinsearach le forbairt ghairmiúil bhreisithe; le rannpháirtíocht múinteoirí, scoláirí, tuismitheoirí, ceannairí scoile agus páirtithe leasmhara eile; acmhainní; taighde; cumarsáid shoiléir; comhsheasmhacht polasaí; agus le fís chomhroinnte i dtaca lena mbítear ag iarraidh a bhaint amach dár gcuid daoine óga tríd an tsraith shinsearach, agus iad ag réiteach le tús a chur leis an saol aosach. Cuirtear beocht inti i scoileanna agus i suíomhanna eile oideachasúla trí

- pleanáil, forbairt, eagrú agus measúnú éifeachtach curaclaim
- cuir chuige teagaisc agus foghlama a spreagann an scoláire agus a ghabhann a spéis, a éascaíonn dó dul chun cinn agus feabhsúchán a dhéanamh agus a chuid foghlama a dhoimhniú agus a chur i bhfeidhm agus machnamh a dhéanamh uirthi; agus
- cultúr scoile ina léirítear meas ar an scoláire agus ina gcuirtear grá don fhoghlaim chun cinn.

## Príomhinniúlachtaí

Cabhraíonn an tsraith shinsearach leis an scoláire a bheith níos rannpháirtí, níos saibhrithe agus níos inniúla, agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite.

*Fíor 1 Comhpháirteanna na bpríomhinniúlachtaí agus an tionchar a mhianaítear leo*




Is scáth-théarma é *Príomhinniúlachtaí*[1] lena ndéantar tagairt don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí. Is doimhne an fhoghlaim nuair a fhéadann sé a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a chomhtháthú agus a chur i bhfeidhm i réimse de thascanna, comhthéacsanna, cásanna agus teagmhais éagsúla.

Déanann an scoláire príomhinniúlachtaí a fhorbairt mar chuid den churaclam agus ar feadh an churaclaim le linn na sraithe sinsearaí. Cuireann na príomhinniúlachtaí seo le foghlaim thábhachtach ón luath-óige, ón mbunoideachas agus ón tsraith shóisearach. Tacaíonn siad leis an scoláire fás agus forbairt a dhéanamh ar bhonn intleachtúil, pearsanta, sóisialta, morálta agus fisiceach. Cothaíonn siad agus cumasaíonn siad an domhainfhoghlaim. Cuirtear beocht sna príomhinniúlachtaí trí na heispéiris foghlama agus na hoideolaíochtaí a roghnaíonn an múinteoir agus trí fhreagairtí an scoláire orthu seo. Is féidir agus ba cheart go gcabhrófaí leis an scoláire a chuid príomhinniúlachtaí a fhorbairt, beag beann ar an gconair a bheadh á leanúint aige tríd an tsraith shinsearach nó ar na hábhair agus modúil a roghnódh sé agus beag beann ar a chúlra, ar a chuid cúinsí ná ar a chuid eispéireas, faoi láthair nó roimhe seo.

Tá an-tábhacht ag baint le dul chun cinn an scoláire agus máistreacht a fháil ar na príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach agus é ag ullmhú le tús a chur leis an saol aosach, cé go ndéantar forbairt agus éabhlóidiú ar na hinniúlachtaí seo tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Is amhlaidh go bhfuil na príomhinniúlachtaí:

- idirnasctha agus go gcumascann siad lena chéile.


[1] Is é a thugtar orthu seo freisin ó am go chéile ná acmhainneachtaí nó cumais.

- go bhfuil siad infheicthe agus tábhachtach ar feadh an churaclaim.
- go bhféadann siad cabhrú leis an scoláire agus leis an múinteoir naisc bhríocha a dhéanamh idir agus thar réimsí éagsúla foghlama.
- gur féidir go bhfeabhsóidís foghlaim fhoriomlán an scoláire.

Tacaítear le forbairt na bpríomhinniúlachtaí nuair:

- a bhíonn litearthacht an scoláire dea-fhorbartha, i.e, nuair a fhéadann sé léamh, breathnú, scríobh, labhairt, éisteacht agus ciall a chur in iúl go bríoch éifeachtach.
- a bhíonn uimhearthacht an scoláire dea-fhorbartha, i.e, nuair a bhíonn sé in ann tuiscint agus brí a bhaint as uimhreacha, sonraí agus siombailí agus iad a léirmhíniú agus a úsáid go héifeachtach.
- a bhaineann an scoláire dea-úsáid as uirlisí éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíochtaí, chun tacú lena chuid foghlama.

*Fíor 2 Forléargas ar Phríomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach*



De réir mar a thagann an scoláire in aibíocht, is féidir na príomhinniúlachtaí seo a bheith ag obair as lámh a chéile chun cabhrú leis an scoláire freagairt do thascanna níos casta agus níos éagsúla agus iad a láimhseáil, de réir mar is iomchuí i bhfianaise a chuid riachtanas agus cumas féin. Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus den mheasúnú, ba cheart go bhfaigheadh an scoláire a lán deiseanna lena chuid príomhinniúlachtaí a léiriú. Is dóchúla go réadófar acmhainneacht bhunathraitheach na bpríomhinniúlachtaí nuair a dhéanann an múinteoir agus an scoláire plé ar na hinniúlachtaí atá siad a fhorbairt agus nuair a thugann an múinteoir deiseanna don scoláire chun naisc bhríocha a dhéanamh thar na hábhair agus modúil éagsúla.

## Leanúnachas, conairí agus dul chun cinn

Tacaíonn Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige, a tugadh isteach in 2009, le foghlaim an pháiste ó bhreith go sé bliana d'aois, ar feadh an réimse de shuíomhanna oideachais luath-óige. Agus é ag tacú le dul chun cinn agus leanúnachas isteach san oideachas bunscolaíochta, tá Aistear dírithe ar fhorbairt na dtras-scileanna, áit a ndéantar cur síos ar an bhfoghlaim agus forbairt trí na ceithre théama idirnasctha seo a leanas: Fiosrú agus Smaointeoireacht, Folláine, Féiniúlacht agus Muintearas, agus Cumarsáid.

Le Creatchuraclam na Bunscoile, a foilsíodh in 2023, spreagtar bunscoileanna agus scoileanna speisialta le héagsúlacht de chleachtais oideolaíocha a úsáid, áit a mbeadh an measúnú lárnach don fhoghlaim agus don teagasc. Mar thaca faoin bhfís don chreat, tá seacht gcinn de phríomhinniúlachtaí idirghaolta a dearadh lena chur ar chumas páistí réimse de theagmhais, dúshláin agus comhthéacsanna a láimhseáil agus oiriúnú dóibh agus, san am céanna, iad a bheith ag cur le forbairt iomlánaíoch an pháiste. Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha ann freisin lena gcuirtear in iúl na nithe san oideachas bunscoile agus san oideachas speisialta a measaimid tábhacht a bheith ag baint leo. Déantar an t-aitheantas a thugtar don réamhfhoghlaim, don fhéinmheas agus don fhéiniúlacht agus an scoláire ag déanamh a bhealaigh tríd an oideachas trí chéile, a leabú a thuilleadh in eispéireas na hIdirbhliana (IB).

Ó cuireadh i bhfeidhm an Creat don tSraith Shóisearach in 2015, tugadh isteach réimse níos leithne de chomhpháirteanna curaclaim agus de mheasúnachtaí chun foghlaim níos leithne, soláthar RSO feabhsaithe, fócas athnuaite ar an bhfoghlaim i réimse na folláine agus cineál níos leithne de thuairisciú, trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS), a éascú. Déantar gnéithe den Chreat don tSraith Shóisearach, amhail an tsolúbthacht a chuirtear ar fáil do scoileanna chun níos mó úinéireachta a bheith acu ar dhearadh an churaclaim, béim ar an

measúnú foirmitheach chun tacú leis an teagasc agus foghlaim, agus an scoláire a spreagadh i dtreo ról níos rannpháirtí ina chuid foghlama féin, a fhorbairt a thuilleadh san IB.

Mar chlár roghnach, cruthaíonn an IB bunsraith leathan dhaingean don scoláire chun dul chun cinn a dhéanamh ón tsraith shóisearach isteach sa chuid eile den tsraith shinsearach. Forbraíonn sí go leor gnéithe de phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí agus cabhraíonn leis an scoláire cinntí eolasacha a dhéanamh i dtaca le roghnú na n-ábhar agus modúl todhchaí. Le linn na hidirbhliana, bíonn deiseanna ag an scoláire chun iniúchadh a dhéanamh ar roghanna gairme difriúla agus cuid de na scileanna a bhíonn ag teastáil chun rochtain a fháil ar chonairí níos éagsúla a fhorbairt. Is féidir go músclódh an IB feasacht ar chonairí isteach sa bhreisoideachas, ardoideachas agus san oideachas aosach, rud a chuirfidh ar chumas an scoláire cinntí níos eolasaí a dhéanamh i dtaca le roghanna féideartha gairme.

Cuireann an IB le braistint agus le taithí an scoláire ar fhreagrachtaí sibhialta agus pobail, rud a chumasaíonn é le bheith ina shaoránach níos comhbháiche gníomhaí. Foghlaimíonn sé conas an éagsúlacht chultúrtha a léirthuiscint agus ról gníomhach a ghlacadh chun saol níos inbhuanaithe a chruthú. Agus fócas ann ar an leanúnachas agus dul chun cinn san IB, féadann an scoláire forbairt a dhéanamh ar an mbunsraith a fuarthas tríd an oideachas luath-óige, bunscolaíochta agus sraithe sóisearaí agus a chuid ama sa mhéid atá fágtha den tsraith shinsearach a úsáid chun na príomhinniúlachtaí a fhorbairt a bheidh ag teastáil uaidh de réir mar a théann sé tríd an saol mar shaoránach náisiúnta agus domhanda.

## Cuspóir Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Dearadh Ráiteas an Chláir Idirbhliana thart ar riachtanais forbartha agus foghlama an scoláire agus é ag aistriú ón tsraith shóisearach isteach sa tsraith shinsearach, de réir mar a bhíonn sé ag ullmhú dá shaol todhchaí mar shaoránach áitiúil agus domhanda. Bíonn an neamhspleáchas agus an tsolúbthacht ag scoileanna chun a gclár IB féin a dhearadh laistigh de pharaiméadair deartha Ráiteas seo an Chláir Idirbhliana. Soláthraíonn an ráiteas treoir do scoileanna maidir leis an gcaoi a bhféadfaidís clár IB a fhorbairt chun freastal ar riachtanais an uile scoláire acu.

## Réasúnaíocht

Tá daoine óga in Éirinn ag maireachtáil i ndomhan atá ag athrú go pras, arb é is saintréithe dó ná domhandú agus uirbiú, pobail níos ilchineálaí, forbairtí méadaitheacha digiteacha agus teicneolaíochta, aistrithe i saol na hoibre agus i bpatrúin oibre, agus gá le maireachtáil inbhuanaithe ar bhonn domhanda. Tá an curaclam seo againn inoiriúnaithe chun go mbeidh deiseanna ag an scoláire inniúlachtaí a fhorbairt lena éascú dó rathúlacht a bhaint amach sa saol seo agus cur go dearfach leis.

Soláthraíonn an IB am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis an scoláire sa tsraith shinsearach agus, san am céanna, lena n-éascaítear a rannphháirteachas le réimse níos leithne de chonairí agus d'fhéidearthachtaí. Réitíonn sí daoine óga le tacaíochtaí agus le heispéiris d'fhonn acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí.

Is clár roghnach bliana í an IB atá ar fáil do gach iar-bhunscoil agus a bhíonn ar tairiscint mar chuid d'eispéireas na sraithe sinsearaí. Soláthraíonn an clár deis uathúil sa tsraith shinsearach, scoite ón strus agus an imní ar féidir iad a bheith ag baint leis an sclábhaíocht acadúil, áit a bhféadann scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo. Le linn na IB, is féidir go bhforbródh an scoláire caidreamh níos aibí le múinteoirí agus le daoine fásta eile agus é a éirí níos eolasaí i dtaca le cuspóir an oideachais agus a ról féin sa tsochaí.

Ba cheart go mbeadh clár IB ionchuimsitheach do gach scoláire, go gcuimseodh sé an ilchineálacht, go n-éascódh sé braistint fionnachtana; go dtuairisceodh sé ar bhonn níos leithne ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an scoláire; agus go mbeadh meas i réim lena linn ar an méid atá le tairiscint ag gach scoláire don chlár.

Tá Ráiteas an Chláir IB saindeartha d'fhonn cur chuige comhoibritheach solúbtha a sholáthar do scoileanna maidir le cláir IB a phleanáil a bheadh oiriúnach dá gcomhthéacs féin. Tá buntábhacht ag baint le neamhspleáchas áitiúil scoileanna, agus iad ag obair laistigh de pharaiméadair Ráiteas an Chláir Idirbhliana, chun nuálaíocht scoil-threoraithe a chothú; rochtain chothromasach a chur chun cinn; agus eispéiris bhunathraitheacha a chur ar fáil do dhaoine óga a mbeidh siad ábalta tarraingt orthu ar feadh na sraithe sinsearaí agus amach anseo ina saol todhchaí.

Cuireann rannpháirtíocht san IB le hullmhacht leantach shóisialta, mhothúchánach, intleachtach, sibhialta agus ghairme an scoláire, ag cur ar fáil spás agus deiseanna dó chun rathúlacht a bhaint amach ar bhonn aonair agus in éineacht le comhghleacaithe. Tacaítear le gach uile scoláire ar feadh na IB le forbairt ina ndaoine níos oiriúnaithí comhbháiche inniúla athléimní. Déanann na hoideachasóirí sa scoil, dá réir sin, na tréithe seo a mbítear ag dúil leo i measc scoláirí a eiseamláiriú, bíonn siad le sonrú i nádúr an chláir idirbhliana féin agus léirítear meas orthu laistigh den phobal áitiúil.

Trí churaclam IB a bheadh deartha ag an scoil féin, féadann gach scoláire teacht i dtír ar dheiseanna chun fás agus forbairt a dhéanamh agus é nó í ag foghlaim an dóigh le roghanna críonna níos eolasaí a dhéanamh.

## Aidhmeanna

Is é a dhéanfaidh clár IB scoile:

1. Forbairt an scoláire mar dhuine iomlán a chothú trí bheith ag forbairt ar réamhthaithí, trí churaclam a bheadh deartha ag an scoil agus é ailínithe le Ráiteas an Chláir Idirbhliana.
2. Spás agus deiseanna a chruthú le haghaidh eispéiris foghlama bhríocha thaitneamhacha trínar féidir príomhinniúlachtaí an scoláire a fhorbairt sa seomra ranga agus ar scoil, sa bhaile agus sa phobal áitiúil agus ina ról mar shaoránach náisiúnta agus domhanda.
3. Taithí agus feasacht an scoláire ar chonairí éagsúla todhchaí a leathnú agus acmhainneacht an scoláire a fhás féin agus a fhorbairt féin a chothabháil, trí phróiseas d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil, a chothú.
4. É a bheith ag éabhlóidiú ar bhonn leanúnach chun freastal ar riachtanais an scoláire trí phróiseas machnaimh agus athnuachana fianaise-threoraithe a chuimseodh scoláirí, múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus comhpháirtithe pobail.

## Comhordú an Chláir IB

Bíonn comhordú na IB, agus ról an Chomhordaitheora IB go háirithe, lárnach sa chaoi a n-úsáidtear Ráiteas an Chláir Idirbhliana chun curaclam éifeachtach IB a chruthú. Is ról ainmnithe é a dtacaítear leis agus a gcothaítear é trí chaidreamh dlúth éifeachtach oibre leis an bhfoireann ardbhainistíochta agus le múinteoirí a oibríonn san IB. Tá an tacaíocht do phobal na scoile uile, agus comhoibriú leo, ríthábhachtach i dtaca le forbairt agus forfheidhmiú rathúil chlár IB na scoile.

De bhreis air sin, is fearr a oibríonn comhordú na IB trí Chroí-fhoireann IB, faoi stiúir an chomhordaitheora IB, a d'eascródh as cultúr a bheadh i réim ar fud na scoile mar a mbeadh meas ar nuálaíocht, buanna agus saineolas múinteoirí. Is iondúil go gcuimseodh an Chroí-fhoireann IB Comhordaitheoir an Chláir IB, Ceann Bliana na IB, más ról ar leithligh é, comhairleoir treorach agus líon iomchuí múinteoirí. Bíonn an Chroí-fhoireann IB ag comhoibriú chun na heispéiris a fheabhsú don scoláire ar feadh an chláir trí chéile.


## Clár IB a fhorbairt

Déantar cur síos ar na paraiméadair chun tacú le scoileanna chun a gclár IB a fhorbairt trí Ghnéithe Scoláire agus Gnéithe Curaclaim. Ag tús an rannáin seo, tá leagtha amach na ceithre

Ghné Scoláire mar aon le cur síos ar an gcaoi arb iad is bunús le forbairt chlár IB. Is ionann na ceithre Ghné Curaclaim agus an scafláil chun uaillmhian na nGnéithe Scoláire a fhíorú.

Tá léiriú i bhFíor 3 ar lárnacht an scoláire IB agus na nGnéithe Scoláire d'fhorbairt clár IB laistigh den tsraith shinsearach. Is ionann clár éifeachtach IB, rud a bheidh uathúil i ngach scoil, agus clár ina bhfeidhmíonn gach gné den churaclam chun an scoláire a fhorbairt i gcomhréir leis na Gnéithe Scoláire.

*Fíor 3 Forléargas ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana*




## Gnéithe Scoláire

Is ionann na ceithre Ghné Scoláire agus cur síos ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san IB agus na heispéiris a bhféadfadh sé go dtacóidís leis an bhforbairt seo. Is iad na ceithre Ghné Scoláire na príomhbhunchlocha ar a ndéantar cláir IB a dhearadh. Tá cur síos ar na Gnéithe Scoláire i dTábla 1.

*Tábla 1 Gnéithe Scoláire*

| Gné Scoláire | Cur síos |
|---|---|
| **Fás Pearsanta** | Déanann an scoláire forbairt ar bhonn sóisialta agus mothúchánach i gcaitheamh na bliana i réimsí lena n-áirítear sláinte agus folláine, neamhspleáchas, féiniúlacht, comhbhá agus ceannasaíocht. |
| **A bheith i d'Fhoghlaimeoir** | Agus é ag tógáil ar eispéireas na sraithe sóisearaí, tosaíonn an scoláire ar a fhorbairt mar scoláire de chuid na sraithe sinsearaí, ag glacadh leis na deiseanna agus na straitéisí foghlama is fearr a oibríonn don scoláire anois, agus amach anseo. |
| **Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail** | Agus é á mhúnlú ag a chuid luachanna pearsanta, déanann an scoláire difríocht dhearfach ina scoil, ina phobal agus sa tsochaí. Foghlaimíonn sé an dóigh le bheith ag gníomhú de réir a chuid freagrachtaí agus a chearta mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda a fheidhmiú ar bhealaí eiticiúla inbhuanaithe. |
| **Ullmhacht Ghairme** | Féadann an scoláire conairí todhchaí a fhiosrú ar bhealach treoraithe comhordaithe, ag fáil taithí phearsanta ar láthair oibre agus ag forbairt scileanna praiticiúla agus eolas a bhaineann leis an ngairm. |

Cuimsíonn gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire tacar de tháscairí forbartha agus eispéiris scoláire bhainteacha.

Tá **na táscairí forbartha** ceaptha leis an scoláire agus an scoil a threorú. Leagtar amach leis na táscairí seo na paraiméadair le haghaidh fhorbairt agus foghlaim an scoláire le linn IB.

Tá na **heispéiris scoláire** ceaptha le héagsúlacht de dheiseanna agus de chomhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt scoláire a bheadh ag teacht le fíorú na dtáscairí forbartha.

Tá na ceithre Ghné Scoláire ceaptha le bheith cónasctha sa dóigh gurb amhlaidh, le chéile, go mbíonn trasnú ann idir iad agus gach ceann de na seacht bpríomhinniúlacht atá sa tsraith shinsearach.

### Gné Scoláire: *Fás Pearsanta*

Déanann an scoláire forbairt ar bhonn sóisialta agus mothúchánach i gcaitheamh na bliana i réimsí lena n-áirítear sláinte agus folláine, neamhspleáchas, féiniúlacht, comhbhá agus ceannaireacht.

**Táscairí forbartha**

- an scoláire a bheith ag éirí níos cinnte agus níos muiníní ina thaobh féin mar dhuine
- spriocanna a shocrú le haghaidh forbairt phearsanta agus gnóthachtáil agus athbhreithniú a dhéanamh orthu
- acmhainn níos mó chun aincheisteanna eiticiúla a ionramháil agus machnamh a dhéanamh ar luachanna pearsanta
- an chaoi le cinntí níos eolasaí a dhéanamh
- a bheith ag cloí níos faide le tascanna, go háirithe agus iad dúshlánach
- a bheith ag tosú a bhreathnú ar dhúshláin mar dheiseanna breise le haghaidh fáis
- a bheith ag oiriúnú níos fearr do ghrúpaí agus do thimpeallachtaí úra sóisialta
- cúram níos fearr a dhéanamh dá shláinte agus folláine féin agus de shláinte agus folláine daoine eile
- a bheith ag idirghníomhú ar bhealach níos comhbháiche, ar bhonn pearsanta agus ar líne
- a bheith ag glacadh úinéireachta níos minice ar a chuid iompraíochtaí agus cinntí féin
- níos mó treallúis agus ceannasaíochta a léiriú ar scoil, sa bhaile agus sa phobal.

**Eispéiris scoláire**

- tionscadail chomhoibríocha, comórtais, gníomhaíochtaí le linn na bliana chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach
- taisc agus tionscadail aonair, lena mbainfeadh scileanna digiteacha agus neamh-digiteacha chun féinléiriú a chumasú
- punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá fhás pearsanta
- oideachas agus treoir i dtaobh forbairt phearsanta agus mhothúchánach agus feasacht shóisialta
- gníomhaíochtaí agus oideachas ar shláinte fhisiceach agus mhothúchánach ar feadh an tsaoil
- deiseanna le haghaidh machnamh faoi threoir agus athbhreithniú ar spriocanna pearsanta
- deiseanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa rang, os comhair an phobail agus in agallaimh
- aitheantas d’fhás pearsanta agus do dhúshláin phearsanta i ngach gné de shaol na scoile i gcaitheamh na bliana.

### Gné Scoláire: *A bheith i d'Fhoghlaimeoir*

Agus é ag tógáil ar eispéireas na sraithe sóisearaí, tosaíonn an scoláire a fhorbairt mar scoláire de chuid na sraithe sinsearaí, ag glacadh leis na deiseanna agus straitéisí foghlama is fearr a oibríonn don scoláire anois, agus amach anseo.

**Táscairí forbartha**

- a bheith níos spreagtha chun foghlama agus breathnú ar an oideachas mar rud fiúntach taitneamhach
- spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu
- a bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir
- léirthuiscint níos fearr ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil
- a bheith níos toilteanaí foghlaim ó bhotúin agus a chrios compoird a leathnú
- tosú ar eolas agus scileanna atá ábhartha don tsraith shinsearach a shealbhú
- tábhacht an aiseolais a thuiscint agus níos mó measa a léiriú air
- cur lena acmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe
- a bheith níos oscailte maidir le straitéisí éifeachtacha foghlama a úsáid
- a réimse de scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú
- a chuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus é ag plé le smaointe daoine eile.

**Eispéiris scoláire**

- croí-ábhair agus blas-ábhair trí cheachtanna a bheadh deartha chun forbairt phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a spreagadh
- éagsúlacht d'oideolaíochtaí a bheadh ag teacht le fíorú aidhmeanna an ráitis cláir agus le bheith ag tacú leis na táscairí forbartha do gach aon scoláire
- deiseanna bríocha foghlama sa seomra ranga lena n-ionchorprófaí ionchur an scoláire
- deiseanna le cur le foghlaim an scoláire le linn an aistrithe ón tsraith shóisearach go dtí an tsraith shinsearach
- measúnú ar a fhoghlaim agus forbairt trí éagsúlacht d'fhoirmeacha (piar-, féin, foirmitheach agus suimitheach)
- aitheantas do bhraistint gnóthachtála ar feadh gach réimse den churaclam
- punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead de féin agus dá dhul chun cinn mar fhoghlaimeoir
- réimse de thionscadail, comórtais agus gníomhaíochtaí inláimhsithe i gcaitheamh na bliana a bheadh dúshlánach mar dhuine fásta agus mar chuid d'fhoireann.

### Gné Scoláire: *Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail*

Agus é á mhúnlú ag a chuid luachanna pearsanta, déanann an scoláire difríocht dhearfach ina scoil, ina phobal agus sa tsochaí. Foghlaimíonn sé an dóigh le bheith ag gníomhú de réir a

chuid freagrachtaí agus a chearta mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda a fheidhmiú ar bhealaí eiticiúla inbhuanaithe.

**Táscairí forbartha**

- níos mó treallúis a léiriú ina scoileanna, pobail, agus sochaí
- spriocanna a shocrú le bheith ina shaoránach gníomhach agus athbhreithniú a dhéanamh orthu seo
- a bheith ag obair ar bhonn níos comhoibríche le daoine eile agus mar chuid d'fhoirne
- caidrimh níos comhbháiche measúla a chothú le daoine, áit, an dúlra
- níos mó léirthuisceana agus measa ar dhínit agus ilchineálacht
- a bhraistint comhbhá, féiniúlachta agus muintearais a dhoimhniú
- castacht agus éiginnteacht a aithint agus a bheith ag plé leo
- a bheith ag iarraidh cur le saol níos córa agus a bheith ag maireachtáil ar bhonn níos inbhuanaithe
- a bheith ag éirí níos rannpháirtí le gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha
- tuiscint níos fearr a bheith aige ar idirghaolmhaireachtaí na bpobal áitiúil, náisiúnta agus domhanda
- ról níos gníomhaí a ghlacadh, eolas praiticiúil agus scileanna idirphearsanta a shealbhú.

**Eispéiris scoláire**

- a bheith ag obair le heagraíochtaí agus gnólachtaí áitiúla nó náisiúnta i gcaitheamh na bliana
- socrúchán pobail nó sóisialta i gcaitheamh na bliana
- oideachas ar fhorbairt shóisialta, lena n-áireofaí gníomh marthanach bríoch le haghaidh domhan níos inbhuanaithe
- comhroinnt eolais agus scileanna laistigh de phobal na scoile agus i measc páirtithe leasmhara sa phobal
- punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá rannpháirtíocht shibhialta agus phobail
- tionscadail, comórtais, gníomhaíochtaí sa seomra ranga, ar scoil, sa bhaile, i bpobail áitiúla agus sa tsochaí
- rannpháirteachas bríoch le múnlú chultúr na scoile
- deiseanna foghlama maidir le comhbhá, ilchineálacht agus ionchuimsiú.

### Gné Scoláire: *Ullmhacht Ghairme*

Féadann an scoláire conairí todhchaí a fhiosrú ar bhealach treoraithe comhordaithe, ag fáil taithí phearsanta ar láthair oibre agus ag forbairt scileanna praiticiúla agus eolas a bhaineann leis an ngairm.

**Táscairí forbartha**

- a bheith níos eolasaí i dtaobh an cheangail idir an t-oideachas agus deiseanna gairme
- spriocanna gairm-bhainteacha a shainaithint agus a athbhreithniú ar bhonn níos rialta
- a bheith ag cur lena fheasacht ar bhuanna, spéiseanna, luachanna agus inniúlachtaí pearsanta
- níos mó acmhainneachta a bheith ag an scoláire chun taighde agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar chonairí gairme
- níos mó scileanna gairmiúla, eagrúcháin agus cumarsáide a ghnóthú
- a bheith ag foghlaim an dóigh le smaointe a ghiniúint agus le smaointe a chur i ngníomh
- a chuid iompraíochtaí sa láthair oibre a fheabhsú trí thaithí phraiticiúil
- níos mó feasachta a bheith aige ar shaol na hoibre agus na fiontraíochta.

**Eispéiris scoláire**

- socrúcháin oibre i gcaitheamh na bliana
- tascanna machnaimh, faoi threoir, le linn taithí agus socrúcháin san IB
- mar a d'fhéadfaí ábhair agus modúil ar churaclam na sraithe sinsearaí a nascadh le conairí todhchaí
- gairmthreoir agus tacaíocht sa seomra ranga i dtaca le conairí todhchaí
- punann a chruthú, faoi threoir, lena ndéanfaí taifead dá chuid machnaimh ar a ullmhacht ghairme
- éagsúlacht de dheiseanna foghlama, lena n-áireofaí tionscadail agus comórtais, lena bhfeabhsófaí scileanna praiticiúla gairmiúla
- rochtain ar bhlasmhodúil, laethanta oscailte, imeachtaí nó timpeallachtaí foghlama Breisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais
- aoichainteoirí ó éagsúlacht de chúlraí agus de ghairmeacha
- gearrchúrsaí teistithe nó micridhintiúir
- deiseanna chun inniúlachtaí agus cumais a mheas.

Moltar go bhféadfadh scoileanna an fhaisnéis thuas a úsáid d'fhonn na heispéiris scoláire sin a mheas a mbeadh na deiseanna ab fhearr ag baint leo dá gcuid scoláirí, le go bhféadfaidís a bheith ag forbairt i gcomhréir leis na táscairí forbartha. Níl na liostaí d'eispéiris scoláire ceaptha le a bheith ina liostaí uileghabhálacha. Ceapadh iad le treoir a chur ar fáil do scoileanna agus iad ag pleanáil agus ag leagan síos bhunsraith an chláir IB seo acu.

## Gnéithe Curaclaim

Leis na ceithre Ghné Churaclaim, soláthraítear na paraiméadair deartha chun cabhrú le scoileanna a gclár IB a dhearadh, a mheastóireacht agus a athnuachan. Is féidir éifeachtacht chlár IB a fheabhsú go mór ach scoileanna glacadh le cur chuige comhtháite i leith chur i bhfeidhm na gceithre Ghné Churaclaim. Tacaíonn Ráiteas an Chláir IB le scoileanna chun é seo a dhéanamh trí na nithe seo a leanas a spreagadh agus a chur chun cinn:

- cur chuige comhordaithe i leith na pleanála le haghaidh teagasc agus foghlaim
- úsáid chomhsheasmhach bharántúil na punainne scoláire
- córas uile-scoile tuairiscithe san IB
- próiseas athbhreithnithe agus meastóireachta fianaise-threoraithe a úsáid chun an clár a athnuachan ar bhonn comhsheasmhach.

*Tábla 2 Gnéithe Curaclaim*

| Gné Churaclaim | Cur síos |
| --- | --- |
| **Comhpháirteanna** | Le teaglaim de chroí-fhoghlaim, blaiseadh ábhar, modúil don IB amháin agus comhpháirteanna eile, cuirtear ar fáil tacar cothrom leathan d'eispéiris lena gcuimsítear na Gnéithe Scoláire. |
| **Teagasc agus Measúnú** | Le hoideolaíochtaí oiriúnacha éifeachtacha, mar aon le measúnú leanúnach, tacaítear leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama agus éascaítear, chomh maith, athnuachan an chleachtais sa seomra ranga. |
| **Aithint agus Tuairisciú** | An bealach trína ndéantar foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire i ngach réimse den chlár IB a dhearbhú agus a cheiliúradh. Soláthraíonn tuairisciú san IB pictiúr leathan thar gach ceann de na Gnéithe Scoláire. |
| **Machnamh agus Athnuachan** | Tríd an gclár IB a athbhreithniú, a mheastóireacht agus a nuashonrú, ar bhealach leanúnach ionchuimsitheach, cuirtear ar chumas scoileanna an clár IB is fearr a fhorbairt a oireann do riachtanais forbartha agus foghlama a gcuid scoláirí. |

Bíonn neamhspleáchas ag scoileanna clár a dhearadh don IB atá oiriúnaithe go sainiúil do chultúr, féiniúlacht agus comhthéacs na scoile agus iad ar a ndícheall a bheith ag obair ar bhealaí samhlaíocha cruthaitheacha in éineacht le pobal na scoile chun na haidhmeanna a bhaint amach agus lena chur ar chumas gach scoláire forbairt a dhéanamh thar gach ceann de na Gnéithe Scoláire.

## Gné Churaclaim: *Comhpháirteanna*

| |
|---|
| Le teaglaim de chroí-fhoghlaim, blaiseadh ábhar, modúil don IB amháin agus comhpháirteanna eile, cuirtear ar fáil tacar cothrom leathan d'eispéiris lena gcuimsítear na Gnéithe Scoláire. |

Is iad na comhpháirteanna an bealach trína ndéantar formhór na n-eispéireas scoláire, a bhfuil cur síos orthu sa rannán roimhe seo, a aistriú isteach i gcuraclam IB na scoile.

Tá treoir ar fáil i dTábla 3 ar pharaiméadair deartha le haghaidh chlár IB scoile agus tá léirithe ann na réimsí ina bhféadfadh sé deiseanna forbartha agus foghlama a bheith ag teacht leis an raon de chomhpháirteanna thar gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh éabhlóidiú ar chlár scoile de réir mar a shainaithneodh an scoláire a chuid deiseanna féin le haghaidh fáis i gcaitheamh na bliana. Ar comhthábhacht i dtaca le héabhlóidiú rathúil an cháir, bheadh cultúr lena dtacófaí le agus lena gcothófaí nuálaíochtaí curaclaim faoi stiúir an mhúinteora laistigh den IB. Ar an gcaoi seo, is féidir le scoileanna acmhainneacht bhreise a fhorbairt, rud a d'fhágfadh go mbeadh réimse níos leithne de chomhpháirteanna ar fáil don scoláire agus go mbeifí, chomh maith, ag tacú le agus ag cur chun cinn foghlaim, cruthaitheacht agus comhoibriú gairmiúil inmheánach.

Ba cheart go dtacódh na comhpháirteanna go léir le dul chun cinn an scoláire ar fud na dtáscairí forbartha. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí an IB a idirdhealú mar chlár neamhspleách laistigh den tsraith shinsearach agus níor cheart aon mhí-úsáid a bhaint aisti mar bhealach le hábhair agus modúil de chuid na sraithe sinsearaí a theagasc go díreach thar thrí bliana seachas sa dá bhliain shaincheaptha, an 5ú agus an 6ú bliain.

Sa chás ina ndéanfaí ábhair nó modúil de chuid na sraithe sinsearaí a theagasc, féadann múinteoirí, i dteannta a chéile, a neamhspleáchas gairmiúil a úsáid le socrú ar na bealaí is spreagúla nuálaí chun an t-eolas a chur i láthair agus, san am céanna, iad ag tacú le dul chun cinn an scoláire ar fud na dtáscairí forbartha.

*Tábla 3: Áit na gcomhpháirteanna i gcuraclam IB*

| Gné Scoláire | Comhpháirteanna | Treoir maidir le suíomh na gcomhpháirteanna |
|---|---|---|
| A bheith i d'Fhoghlaimeoir | **Croí-chomhpháirteanna**<br>• Mata<br>• Béarla<br>• Gaeilge<br>• Corpoideachas (ailínithe le haidhmeanna Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí)<br>• OSPS | Tá na croí-chomhpháirteanna éigeantach i ngach Clár IB. Níor cheart gur mhó an leithdháileadh ama do gach croí-chomhpháirt ná 2 uair an chloig sa tseachtain. |
| | **Comhpháirteanna Roghnacha**<br>• Blaiseadh ar ábhair agus scileanna<br>• Comhpháirteanna breise a bhféadfadh sé gur gá iad a chuimsiú i gcuraclam na scoile | Is ionann an leithdháileadh ama le haghaidh comhpháirteanna roghnacha, ina iomláine, agus 3 go 4 uair an chloig sa tseachtain, ag brath ar chomhthéacs na scoile. |
| | **Cleachtas machnamhach faoi threoir**<br>Forbairt punainne, dialann, féinmheasúnú, pleanáil an scoláire | Ar a laghad rang amháin sa tseachtain. |
| Fás Pearsanta | **Modúil a bhaineann go sainiúil leis an IB** | Faigheann an scoláire taithí ó réimse de mhodúil. Déantar eagrúchán na modúl sna seimeastair, nó eagrúchán na modúl thar an bhliain trí chéile, a shocrú ag leibhéal scoile. |
| | **Eispéiris bhreise le haghaidh fáis**<br>Aoichainteoirí, dámhachtainí forbartha le taca ón Rialtas, ionduchtúchán, comórtais, cúrsaí scileanna saoil, imeachtaí don scoil uile (drámaí, ceoldrámaí, laethanta margaidh, srl.), laethanta téamacha nó laethanta suntasacha foghlama. | Ní mór eagrúchán aon eispéiris bhreise fáis a bheadh á gcur ar fáil ag an scoil a chur in iúl do scoláirí, múinteoirí agus tuismitheoirí chomh luath agus is féidir. D'fhéadfaí freastal freisin ar scoláirí a bheadh ag iarraidh tabhairt faoi eispéiris foghlama eile laistigh de chomhthéacs an tiomantais leantaigh acu do chlár IB na scoile. |

| | | |
|---|---|---|
| Rannphháirtíocht Shibhialta agus Phobail | **Ár bpobal féin**<br>Gníomhaíochtaí for-rochtana áitiúla, socrúchán pobail, gníomhaíochtaí fiontar sóisialta, oideachas um ilchineálacht chultúrtha | Tarraingíonn na comhpháirteanna seo ó mhodúil a bhaineann go sainiúil leis an IB, ó shocrúcháin oibre agus pobail agus ó eispéiris bhreise. |
| | **Ár bpobal domhanda**<br>• Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe<br>• Gníomh bríoch, faoi threoir an scoláire, ar bhonn pearsanta nó ar bhonn comhoibríoch agus baint aige leis an maireachtáil inbhuanaithe | Is féidir go mbeadh na comhpháirteanna seo ag tarraingt ar am pleanála sa rang cleachtas machnamhach faoi threoir agus/nó modúl a bhaineann go sainiúil leis an IB a mbeadh baint aige leis an oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe. |
| Ullmhacht Ghairme | **Socrúchán Oibre agus Pleanála** | Cothromaíocht oiriúnach phraiticiúil de shocrúcháin obair-bhunaithe agus pobalbhunaithe.<br>Moltar leithdháileadh ama a bheadh coibhéiseach le 2-4 seachtaine den chlár. |
| | **Treoir agus foghlaim ghairme trí shocrúcháin** | Rang amháin sa tseachtain a bheadh sceidealaithe chun díriú ar imeachtaí gairm-bhainteacha i gcaitheamh na bliana. |
| | **Eispéiris bhreise ghairm-bhainteacha**<br>Aoichainteoirí, blasmhodúil Bhreisoideachais agus Oiliúna/Ardoideachais, laethanta eolais, dámhachtainí forbartha le taca ón Rialtas, gearrchúrsaí teistithe | Ní mór eispéiris bhreise ghairm-bhainteacha a phleanáil agus a fhógairt roimh thús na scoilbhliana, nuair is féidir, agus bíonn cur chuige solúbtha inoiriúnaithe ag teastáil i leith rolladh amach an chláir. |

## Gné Churaclaim: *Teagasc agus Measúnú*

Le hoideolaíochtaí oiriúnacha éifeachtacha, mar aon le measúnú leanúnach, tacaítear leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama agus éascaítear, chomh maith,

Le Ráiteas an Chláir Idirbhliana, cuirtear chun cinn agus spreagtar cleachtais teagaisc agus mheasúnaithe ardchaighdeáin a bhíonn ailínithe leis na táscairí forbartha i ngach ceann de na ceithre Ghné Scoláire. Is féidir, go háirithe, go ndéanfadh na múinteoirí na táscairí forbartha a bhaineann le A bheith i d'Fhoghlaimeoir agus na príomhinniúlachtaí bainteacha de chuid na sraithe sinsearaí, a eiseamláiriú agus a léiriú ar feadh na IB. Tugann an ghné Teagasc agus Measúnú eispéiris an scoláire thar gach comhpháirt IB le chéile.

Mar a luadh sa rannán roimhe seo, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an IB a idirdhealú mar chlár neamhspleách agus, san am céanna, go mbeadh aitheantas ann don dul chun cinn agus leanúnachas maidir leis an bhforbairt agus foghlaim ón tsraith shóisearach agus isteach sa chuid eile den tsraith shinsearach.

### Cleachtais chomhchoiteanna agus cleachtais seomra ranga

Tugann an IB an deis do mhúinteoirí le bheith nuálach i dtaca le deiseanna leathana ardchaighdeáin teagaisc, foghlama agus measúnaithe a cheapadh agus a chur ar fáil. Cuimsíonn sé seo deiseanna le haghaidh cleachtais ionchuimsitheacha, a gcuirfear treoir ar fáil ina leith. Is amhlaidh, dá réir, gur gnéithe riachtanacha de chlár éifeachtach IB iad an cleachtas gairmiúil comhchoiteann ar fud na IB, in éineacht le córas measúnaithe IB uile-scoile, amhail córas creidiúint-bhunaithe. Soláthraíonn an IB deiseanna chun timpeallachtaí a chruthú ina spreagtar cultúr foghlama comhoibríoch laistigh agus lasmuigh den seomra ranga.

Is féidir an measúnú uileghabhálach ar fhoghlaim agus forbairt an scoláire san IB a bhaint amach trí:

- punann scoláire IB (féach Gné Churaclaim: Aithint agus Tuairisciú)
- córas measúnaithe uile-scoile IB comhaontaithe

#### Cleachtais Chomhchoiteanna

Is iad na saintréithe a bhaineann leis an teagasc agus measúnú ar feadh an chláir IB trí chéile ná:

- ionchais arda don scoláire a shainaithint agus a leagan síos

- cleachtais uile-scoile lena bhfreastalaítear ar riachtanais an scoláire agus ina léirítear meas ar ionchur agus ar ról an scoláire sa seomra ranga
- deiseanna le haghaidh pleanáil, ullmhúchán agus cur i bhfeidhm na gcur chuige teagaisc agus measúnaithe
- níos mó deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht, taitneamh agus neamhspleáchas an scoláire ina chuid foghlama féin
- eispéiris a sholáthar a bheadh dúshlánach tarraingteach agus smaointeoireacht chriticiúil a spreagadh laistigh agus lasmuigh den seomra ranga
- comhroinnt an tsaineolais agus na taithí le comhghleacaithe i dtimpeallacht ghairmiúil, laistigh den scoil agus, nuair is féidir, le scoileanna eile
- fianaise den fhoghlaim a thiomsú agus a chomhroinnt chun na Gnéithe Curaclaim eile a threorú, go háirithe Aithint agus Tuairisciú
- breithmheas comhsheasmhach ar chleachtas comhchoiteann ar feadh bhliain an chláir, agus aiseolas agus machnamh mar bhonn eolais faoi.

**Cleachtais sa Seomra Ranga**

Is iad na saintréithe a bhaineann le Teagasc agus Measúnú sa seomra ranga:

- cuir chuige oiriúnacha scoláire-láraithe a bheadh ailínithe le hintinní foghlama agus lena bhforbrófaí gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire
- deiseanna foghlama a phleanáil chun tacú le gach scoláire agus freastal ar a chuid riachtanas oideachasúil
- áiseanna oiriúnacha a ullmhú agus teicneolaíocht dhigiteach a úsáid
- deiseanna don scoláire le bheith ag obair ar thascanna sínte, amhail tionscadail, imscrúduithe agus comórtais chun úinéireacht na foghlama a chur chun cinn agus críochnúlacht a fhorbairt ina chuid cur chuige
- comhoibriú barántúil bríoch a fhorbairt idir scoláirí laistigh de agus idir comhpháirteanna IB. Is féidir an comhoibriú seo, nuair is féidir, a bhaint amach trí thascanna foirne agus tionscadail foirne lena bhfeabhsófaí aontacht foirne.
- critéir rathúlachta a chruthú agus a chomhroinnt le scoláirí d'fhonn piarmheasúnú agus féinmheasúnú a éascú agus modheolaíochtaí gníomhacha a úsáid chun ailíniú leis na critéir rathúlachta a bhaint amach
- deiseanna don scoláire chun taithí a fháil ar an rathúlacht laistigh de agus thar chomhpháirteanna curaclaim
- éagsúlacht de mhodhanna measúnaithe a úsáid, chun críocha suimitheacha agus chun críocha foirmitheacha

- aiseolas éifeachtach tráthúil ón múinteoir a bheadh deartha chun foghlaim agus forbairt a fheabhsú
- deiseanna don scoláire chun aiseolas a thabhairt agus a úsáid go héifeachtach.

### Gné Churaclaim: *Aithint agus Tuairisciú*

| An bealach trína ndéantar foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire i ngach réimse den chlár IB a dhearbhú agus a cheiliúradh. Soláthraíonn tuairisciú san IB pictiúr leathan thar gach ceann de na Gnéithe Scoláire. |
|---|

### Aithint

Croí-chuspóir in aon chlár IB is ea forbairt an scoláire thar gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire. Nuair a théann an scoláire i ngleic dáiríre lena chlár IB, bíonn sé tábhachtach a fhorbairt agus a fhoghlaim, a chuid buanna agus dúshlán; agus aon leathnú ar a chrios compoird féin a aithint agus tuairisciú a dhéanamh orthu.

Is é a dhéanfaidh an t-aitheantas seo, as féin, ar feadh na bliana, ó idirghníomhuithe ar bhonn laethúil sa seomra ranga go dtí rannphháirteachas leis an bpobal scoile níos leithne ná braistint muintearais agus gnóthachtála níos doimhne a chothú. De réir mar a théann an bhliain isteach, is féidir inspreagadh an scoláire a fheabhsú tríd aitheantas barántúil dá chuid oibre agus gnóthachtála.

B'ionann imeacht ceiliúrtha deireadh bliana agus deis don scoláire a chuid forbartha agus foghlama, mar dhuine óg, a léiriú go poiblí. Féadann múinteoirí, tuismitheoirí agus comhpháirtithe i bpobal na scoile teacht le chéile chun aitheantas comhchoiteann a thabhairt do rathúlacht agus gnóthachtáil an ghrúpa IB trí chéile. Tugann sé deis don scoil freisin an scoláire a chúiteamh le taifead bríoch follasach éigin dá rannpháirtíocht san IB a bheadh bunaithe ar an éagsúlacht de mheasúnú agus tuairisciú a bheadh déanta i gcaitheamh na bliana.

### Tuairisciú

Baineann trí ghné leis an tuairisciú san IB:

- punann IB an scoláire
- tuairisciú scoile

- machnamh an scoláire.

Is é an comhordaitheoir IB a dhéanann an tuairisciú a bhainistiú agus a chomhordú, le tacaíocht ón bhfoireann ardbhainistíochta, croí-fhoireann IB agus gach duine de na múinteoirí sa chlár IB. Beidh treoir ar fáil chun tacú leis an tuairisciú agus machnamh i scoileanna, lena n-áirítear teimpléid den chaoi a bhféadfadh scoileanna tuairisciú a dhéanamh san IB.

**Punann IB an scoláire**

Is féidir gur uirlis chumhachtach í punann aonair scoláire, bíodh sí i bhformáid dhigiteach nó fhisiceach, chun taifead a dhéanamh ar uathúlacht an eispéiris scoláire san IB. Is é an cuspóir a bhíonn leis an bpunann ná deis a thabhairt don scoláire smaointeoireacht mhachnamhach agus chriticiúil a chur i bhfeidhm ar a chuid eispéireas ar fud na gceithre Ghné Scoláire. Ar an dóigh seo, féadann sé breithmheas a dhéanamh ar a chuid eispéireas féin agus próifíl níos pearsantaithe de féin mar fhoghlaimeoir a ghiniúint. Is féidir leis an scoláire an bhliain foghlama seo agus a chuid gnóthachtála a chur i láthair agus athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid spriocanna forbartha ó thús, lár agus deireadh na bliana.

Ní mór am, ceannasaíocht agus acmhainní a dhíriú i dtreo an chineáil seo féintuairiscithe agus machnaimh chriticiúil. Is é atá ceaptha le comhtháthú na punainne isteach sa chleachtas teagaisc agus measúnaithe, agus le comhpháirt cleachtais mhachnamhaigh a chuimsiú, go dtacófar leis an scoláire agus an phunann á cruthú aige nó aici. Is féidir na táscairí forbartha i ngach ceann de na ceithre Ghné Scoláire a úsáid chun machnamh laistigh den phunann a threorú.

Ar chuid de na gnéithe éigeantacha de phunann IB, bheadh:

- socrú spriocanna agus athbhreithniú leanúnach ar spriocanna
- athbhreithniú croineolaíoch ar eispéiris agus oideachas an scoláire i gcaitheamh na bliana
- dul chun cinn foriomlán thar gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire: Fás Pearsanta, A bheith i d’Fhoghlaimeoir, Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail, agus Ullmhacht Ghairme
- machnaimh chriticiúla ar chroí-fhoghlaim agus croí-ghnóthachtáil.

**Tuairisciú scoile**

Bíonn gá le cineál leathan tuairiscithe a bheadh ailínithe leis na táscairí forbartha chun forbairt an scoláire ar fud na gceithre Ghné Scoláire trí chéile a aithint. Bíonn cineál éigin de chóras

comhordaithe uile-scoile ag teastáil chun measúnú a dhéanamh ar gach comhpháirt churaclaim a dtabharfadh an scoláire fúithi.

Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa tuairisc scoile:

- forbairt an scoláire thar gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire, agus na táscairí forbartha in úsáid mar chritéir
- measúnú ar na comhpháirteanna curaclaim a bheadh roghnaithe ag an scoláire, mar atá leagtha amach i dTábla 3
- micridhintiúir chreidiúnaithe agus neamhchreidiúnaithe ó fhorais aitheanta.

D'fhéadfaí aitheantas ón scoil do dhul chun cinn agus forbairt an scoláire a bhronnadh ar gach scoláire ag ceiliúradh deireadh bliana IB.

**Machnamh an scoláire**

Cuirtear leis an bpunann IB agus leis an tuairisc scoile le machnamh scoláire roimh dheireadh an chláir. Is ionann seo agus deis don scoláire labhairt ar a chuid eispéireas agus bíonn sé bunaithe ar a chuid machnamh criticiúil ar chroí-fhoghlaim agus ar chroí-ghnóthachtáil ina phunann. Féadann an scoil cinneadh ar an bhformáid ab oiriúnaí dá cuid scoláirí, amhail agallamh deireadh bliana nó cur i láthair gairid ón scoláire dá chuid comhscoláirí. Cé gur cineál measúnaithe é, is féidir, chomh maith, gur eispéireas suntasach foghlama don scoláire é an machnamh scoláire. Tugann sé deis don scoil measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a mbeadh an scoláire tar éis forbairt thar na ceithre Ghné Scoláire trí chéile agus tugann aiseolas láithreach faoin gcaoi a bhféadfaí a gclár IB a fheabhsú.

Tacaítear le córas tuairiscithe na IB agus dearbhaítear é le linn na bliana le cumarsáid leanúnach leis an mbaile trí chruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí, tuairiscí téarma, feasacháin IB agus cumarsáid neamhfhoirmeálta idir an baile agus an scoil.

## Gné Churaclaim: *Machnamh agus Athnuachan*

| |
|---|
| Tríd an gclár IB a athbhreithniú, a mheastóireacht agus a nuashonrú, ar bhealach leanúnach ionchuimsitheach, cuirtear ar chumas scoileanna an clár IB is fearr a fhorbairt a oireann do riachtanais forbartha agus foghlama a gcuid scoláirí. |

Is ionann leabú an chleachtais mhachnamhaigh ar fud gach Gné Scoláire agus Curaclaim agus an bhunchloch chun clár IB éifeachtach a fhorbairt i scoileanna. D'fhéadfaí, le hathbhreithniú

a dtabharfadh Croí-fhoireann na IB faoi, agus tacaíocht acu ó bhainistíocht na scoile, breithmheas a dhéanamh ar gach ceann de na ceithre Ghné Churaclaim d’fhonn clár IB na scoile a dhearbhú agus a fheabhsú aon áit arbh fhéidir. B’éifeachtaí an cur chuige seo agus fianaise ó gach Gné Churaclaim mar bhonn eolais faoi ach tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar a inláimhsithe a bheadh sé fianaise bharántúil ionchuimsitheach a bhailiú.

### Athbhreithniú agus Meastóireacht

Is féidir athbhreithnithe ar an gclár féin a dhéanamh ar éagsúlacht de bhealaí amhail aiseolas ó bhéal, suirbhéanna ar líne nó fócasghrúpa as measc phobal na scoile. Is féidir cur leis an aiseolas seo le fianaise ó ócáidí eile nó ó fhoirmeacha eile measúnaithe, amhail machnamh an scoláire nó na punanna IB, áit ar féidir ionchur an scoláire a bheith láithreach agus ábhartha. D’fhéadfaí, ansin, na sonraí a bhaileofaí ó na hathbhreithnithe seo agus ó ócáidí eile a úsáid chun breithmheas a dhéanamh ar éifeachtacht an chláir i dtaca le comhlíonadh na dtáscairí forbartha ar fud na gceithre Ghné Scoláire trí chéile.

Ní mór do scoileanna breithniú a dhéanamh ar na ceisteanna leathana seo a leanas agus breithmheas á dhéanamh acu ar a gclár IB:

- Cén chaoi a gcomhlíonann clár IB na scoile uaillmhianta na réasúnaíochta?
- Cén chaoi arbh fhearr na haidhmeanna a bhaint amach?
- Conas a thacaíonn an clár IB leis an bhforbairt ar fud na gceithre Ghné Scoláire trí chéile agus conas a d’fhéadfaí é a fheabhsú?

Ní mór breithmheas a dhéanamh ar gach ceann de na ceithre Ghné Churaclaim ar leithligh. Déanfar uirlisí samplacha machnaimh le haghaidh gach Gné Churaclaim a fhorbairt i gcomhpháirt le scoileanna agus ar na nithe a ndéanfar breithniú orthu, beidh, mar shampla:

- Machnamh siar – ní mór go ndéanfaí breithniú le linn na meastóireachta ar na nithe ar éirigh go maith leo agus nár éirigh go maith leo i ngach Gné Churaclaim
- Machnamh chun cinn – ní mór, mar chuid den mheastóireacht, go ndéanfaí an chaoi a dtógfar ar bhuanna agus a bhfoghlaimeofar ó easnaimh i ngach Gné Churaclaim a phleanáil.

Déantar breithmheas ar éifeachtacht an chláir i gcomhthéacsanna atá uathúil do gach scoil agus eascraíonn tosca a mbíonn tionchar acu ar gach scoil ó réimsí amhail suíomh agus méid na scoile, costais, rochtain ar eispéiris Bhreisoideachais agus Oiliúna agus Ardoideachais agus riachtanais an phobail áitiúil. Rachadh sé chun sochair fosta don phróiseas machnaimh agus

athnuachana ach cultúr d'fhoghlaim ghairmiúil a bheith i réim sa scoil, go hinmheánach agus ar bhonn seachtrach, mar aon le comhroinnt an tsaineolais agus na n-acmhainní trí na forais náisiúnta iomchuí.

Is croí-pháirtí leasmhar atá sa Bhord Bainistíochta, go háirithe sa phróiseas machnaimh agus athnuachana, agus bíonn tacaíocht an Bhoird Bainistíochta éigeantach chun clár éifeachtach IB a fhorbairt.

## Rannpháirtíocht agus rannpháirteachas a spreagadh

Is féidir rannpháirtíocht san IB a spreagadh agus a chur chun cinn trí fhorléargas ar chlár IB na scoile a roinnt le pobal na scoile. Tríd an eolas seo a roinnt le scoláirí sa tsraith shóisearach, agus san IB féin, d'fhéadfadh sé go gcuirfí leis an bhfeasacht ar chomhdhéanamh an chláir agus ar na tairbhí a thagann le rannpháirtíocht. Bheadh scaipeadh iomchuí an eolais ar thuismitheoirí úsáideach freisin i dtaca lena rannpháirteachas féin leis an gclár a chothú. De bhreis air sin, d'fhéadfadh sé go soláthródh cur síos soiléir insroichte ar an gclár fócas le haghaidh machnamh agus athnuachan leanúnach an chláir, agus gurbh ionann é agus scafláil bhreise a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid le pleanáil a dhéanamh le haghaidh teagasc, measúnú agus foghlaim.

# Gluais

Is é atá beartaithe leis an ngluais seo, gur soiléiriú a bheidh ann, don léitheoir, ar na coincheapa agus na téarmaí atá in úsáid i Ráiteas seo an Chláir Idirbhliana.

**Gnéithe Scoláire** – is ionann iad seo agus cur síos ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san IB agus na heispéiris a bhféadfadh sé go dtacóidís leis an bhforbairt seo. Tá leagtha amach sna Gnéithe Scoláire na paraiméadair le haghaidh fhorbairt an scoláire agus is iad an chroí-bhunsraith ar a ndéantar cláir IB a dhearadh.

**Táscairí forbartha** – is ráitis iad seo laistigh de na Gnéithe Scoláire atá ceaptha le léiriú a thabhairt ar an gcaoi a ndéanann an scoláire dul chun cinn agus forbairt trína rannpháirtíocht san IB.

**Eispéiris Scoláire** – eascraíonn siad seo as na Táscairí Forbartha agus soláthraíonn siad na deiseanna agus na comhthéacsanna ina bhféadann an scoláire foghlaim agus forbairt a dhéanamh.

**Gnéithe Curaclaim** – treoraíonn siad seo scoileanna i dtaca leis na bealaí is fearr a bhféadtar dearadh agus forchéimniú a gcláir IB a stiúradh. Soláthraíonn siad na paraiméadair deartha chun cabhrú le scoileanna a gclár IB a fhorbairt, a mheas agus a athnuachan.

**Príomhinniúlachtaí** –Is téarma uileghabhálach é seo don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a mbíonn deiseanna ag an scoláire iad a fhorbairt trí idirghníomhú leis na cineálacha éagsúla eolais.

**Clár éifeachtach IB:** Chun críche na cáipéise seo, is ionann clár éifeachtach IB, rud a bheidh uathúil i ngach scoil, agus clár ina bhfeidhmíonn gach gné den churaclam chun an scoláire a fhorbairt i gcomhréir leis na Gnéithe Scoláire.

